Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2022/0404(COD)

9.6.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthacha a imréitítear go lárnach
(COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Danuta Maria Hübner

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/AE, 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a mhéid a bhaineann le riosca comhchruinnithe a láimhseáil i leith contrapháirtithe lárnacha agus an riosca contrapháirtí ar idirbhearta díorthacha a imréitítear go lárnach (COM(2022)0698 – C9-0411/2022 – 2022/0404(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0698),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 53(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0411/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil, is gá, ar mhaithe le húsáid éifeachtúil CPLanna, aghaidh a thabhairt ar bhaic áirithe ar úsáid imréitigh lárnaigh i dTreoir 2009/65/AE	(2) Chun rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil, is gá, ar mhaithe le húsáid éifeachtúil CPLanna, aghaidh a thabhairt ar bhaic áirithe ar úsáid imréitigh lárnaigh i dTreoir 2009/65/AE

agus soiléiriú a thabhairt i dTreoir 2013/36/AE, agus i dTreoir (AE) 2019/2034. D'fhéadfadh spleáchas iomarcach chóras airgeadais an Aontais ar CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo (CPLanna ar Leibhéal 2) a bheith ina n-ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais nach mór aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. Chun an chobhsaíocht airgeadais san Aontas a áirithiú agus rioscaí tadhlachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú go leormhaith ar fud chóras airgeadais an Aontais, ba cheart bearta iomchuí a thabhairt isteach, dá bhrí sin, chun cothú a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith CPLanna a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034 a leasú chun institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun a samhail ghnó a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na ceanglais nua maidir le himréiteach a tugadh isteach leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus chun feabhas foriomlán a chur ar a gcleachtais bainistithe riosca, agus cineál, raon feidhme agus castacht a ngníomhaíochtaí margaidh á gcur san áireamh freisin. ***Cé gur féidir leis na húdaráis inniúla ceanglais cistí dílse bhreise a fhorchur cheana i gcás rioscaí nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leormhaith leis na ceanglais chaipitil atá ann cheana***, ba cheart uirlisí agus cumhachtaí breise níos ***gráinní a bheith acu*** faoi Cholún 2 chun ***é*** cur ar a gcumas ***dóibh*** gníomhaíochtaí oiriúnacha ***cinntitheacha*** a dhéanamh bunaithe ar chonclúidí a measúnuithe maoirseachta.

agus soiléiriú a thabhairt i dTreoir 2013/36/AE, agus i dTreoir (AE) 2019/2034. D'fhéadfadh spleáchas iomarcach chóras airgeadais an Aontais ar CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo (CPLanna ar Leibhéal 2) a bheith ina n-ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais nach mór aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. Chun an chobhsaíocht airgeadais san Aontas a áirithiú agus rioscaí tadhlachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú go leormhaith ar fud chóras airgeadais an Aontais, ba cheart bearta iomchuí a thabhairt isteach, dá bhrí sin, chun cothú a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith CPLanna a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/2034 a leasú chun institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun a samhail ghnó a oiriúnú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na ceanglais nua maidir le himréiteach a tugadh isteach leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus chun feabhas foriomlán a chur ar a gcleachtais bainistithe riosca, agus cineál, raon feidhme agus castacht a ngníomhaíochtaí margaidh á gcur san áireamh freisin. ***Ba cheart Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/2034 a leasú freisin chun soiléiriú breise a thabhairt ar ról na n-údarás inniúil le linn díriú ar aon riosca comhchruinnithe iomarcach a d'fhéadfadh teacht chun cinn as neamhchosaintí na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta atá faoina maoirseacht ar CPLanna*, *go háirithe CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus a thairgeann seirbhísí arna sainaithint ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (ESMA) arna bhunú le Rialachán (AE)***

Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] mar sheirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach ag baint leo. Ina theannta sin, ba cheart uirlisí agus cumhachtaí breise***,*** níos ***mionsonraithe*** faoi Cholún 2 ***a bheith ag na húdaráis inniúla*** chun cur ar a gcumas gníomhaíochtaí oiriúnacha a dhéanamh bunaithe ar chonclúidí a measúnuithe maoirseachta.

[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Réasúnú

Le hAirteagal 104 de Threoir 2013/36/AE cuirtear bosca uirlisí maoirseachta ar fáil do na húdaráis inniúla nach bhfuil teoranta d'fhorchur ceanglas caipitil breise. Ba cheart an tagairt d'uirlisí agus do chumhachtaí Cholún 2 san aithris seo a bheith leathan i gcónaí, toisc nach bhfuil sé oiriúnach a chinneadh ex ante cibé acu de na huirlisí agus de na cumhachtaí sin a bheadh iomchuí chun díriú ar riosca comhchruinnithe iomarcach sa chomhthéacs sin.

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna a cheanglaítear ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta a fhorbairt, agus an mhodheolaíocht chun ceanglas an chuntais ghníomhaigh a chalabrú á chur

i gcuntas. Chun athbhreithniú iomchuí a dhéanamh ar na pleananna sin, ba cheart fáil a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí leibhéal na seirbhísí imréitigh a shainaithnítear mar sheirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo agus a bheidh le cothabháil ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais sna cuntais ghníomhacha in CPLanna an Aontais faoi réir na hoibleagáide imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 7a(5) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Or. en

Réasúnú

Tá cur i bhfeidhm chreat beartaithe Cholún 2 coinníollach ar cheanglas an chuntais ghníomhaigh. Ar an mbonn sin, ní féidir leis na húdaráis inniúla na cumhachtaí maoirseachta beartaithe maidir le pleananna na n-eintiteas faoi mhaoirseacht a chur chun feidhme ach amháin i gcás go mbainfear amach trédhearcacht iomlán maidir le calabrú an chuntais ghníomhaigh trí dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála ESMA a fhoilsiú agus a fhormhuiniú (faoi Airteagal 7a(5) de EMIR atá beartaithe).

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2013/36/AE
Airteagal 81

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairtí i gcleachtais institiúidí maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleananna a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Treoir seo, ***chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta le linn samhlacha gnó na n-institiúidí a oiriúnú do chuspóirí beartais ábhartha an Aontais,*** agus na ceanglais ***a leagtar*** amach in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas***;***	Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus faireachán ar fhorbairtí i gcleachtais institiúidí maidir le bainistiú a riosca comhchruinnithe a thagann as neamhchosaintí i leith contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na pleananna a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Treoir seo, agus na ceanglais ***atá leagtha*** amach in Airteagal 7a ***agus aon fhaisnéis ábhartha arna soláthar ag an sásra faireacháin comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 23c*** de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á gcur i gcuntas***.***

Or. en

Réasúnú

Dá gcuirfí torthaí fhaireachán JMM i gcuntas, chuirfí feabhas ar mheasúnú na n-údarás inniúil maidir le riosca comhchruinnithe a bheadh roimh institiúidí faoina maoirseacht i leith seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shuntasach ag baint leo arna soláthar ag CPLanna tríú tír. Ina theannta sin, cé gur laistigh de shainchúram an údaráis inniúil atá an measúnú ar riosca comhchruinnithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht agus ar fhóntacht institiúide aonair, ní hamhlaidh atá i gcás pleananna gnó a oiriúnú do chuspóirí beartais níos leithne an Aontais.